# BUSCONNECTS BHAILE ÁTHA CLIATH
## TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN
MÁRTA 2025




Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040


NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

BUS CONNECTS
IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.

# Maidir le BusConnects

**Is é BusConnects Clár an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun seirbhísí bus i gcathracha na hÉireann a athrú ó bhonn trí dhaoine agus áiteanna a nascadh trí chóras feabhsaithe bus agus trí shaoráidí feabhsaithe do rothaithe agus do choisithe. Is cuid lárnach de bheartas náisiúnta é agus tagann sé le sprioc an Rialtais iompar poiblí a fheabhsú, tacú le fás daonra agus eacnamaíoch, agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.**

**Léiríonn clúdach geografach leathan Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge mar aon le cur chuige cuimsitheach an Chláir an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar fud na tíre agus léiríonn sé chomh maith iarrachtaí comhaontaithe na réigiún seo cláir oibre um shoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn.**



## Fís

Daoine agus áiteanna a nascadh trí chóras bus feabhsaithe mar aon le saoráidí feabhsaithe rothaíochta agus coisithe




## Cuspóirí Straitéiseacha BusConnects:

Seirbhísí bus iontaofa agus rialta a sholáthar le háiseanna feabhsaithe rothaíochta agus coisithe.

Daoine agus áiteanna a nascadh trí chóras iompair inbhuanaithe atá méadaithe, comhtháite agus inrochtana.


An caighdeán maireachtála a fheabhsú trí chóras iompair níos sábháilte agus níos glaise.


Treisíonn scála agus poitéinseal claochlaitheach an Chláir BusConnects a ról lárnach maidir le tionchar a imirt ar phlean oibre chóras iompair na hÉireann amach anseo. Comhlíonann sé gealltanais laistigh den Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, den Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042, den Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2025 agus den Chreat Pleanála Náisiúnta 2040.










## BusConnects Bhaile Átha Cliath

Tá Clár BusConnects Bhaile Átha Cliath ar an gceann is mó chun cinn de na Cláir BusConnects ar fud na tíre. Tá an clár bunathraithe seo ríthábhachtach chun daoine agus áiteanna a nascadh trí chóras feabhsaithe bus, chun inrochtaineacht agus soghluaisteacht níos fearr a chinntiú do chách. Trí bhealaí bus a athdhearadh, bonneagar a uasghrádú, agus taisteal níos glaine a chur chun cinn, cuirfear feabhas suntasach ar iompar poiblí. Tá spriocanna uaillmhianacha an chláir á mbaint amach trí ocht dtionscnamh cuimsitheach, a leagann béim ar cé chomh tábhachtach atá sé chun iompar níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe a mhúnlú do Bhaile Átha Cliath.


## Tionscnaimh Bhaile Átha Cliath

1. An líonra bus a athdhearadh
2. Líonra nua de chonairí bus agus lánaí rothar a thógáil
3. Córas ticéadaithe den scoth a chur i bhfeidhm
4. Córas íocaíochta gan airgead tirim a chur i bhfeidhm
5. Struchtúr táillí níos simplí
6. Libhré nua bhus
7. Stadanna bus agus scáthláin nua le comharthaíocht agus faisnéis níos fearr
8. Aistriú chuig flít bus nua astuithe nialasach

# 1. Athdhearadh Líonra Bus

Athdhearadh an Líonra Nua chun freastal níos fearr ar riachtanais réigiún Bhaile Átha Cliath trí fhás daonra agus an athrú i nósanna taistil a mheas.


I measc príomhthréithe na dtograí tá líonra níos simplí dírithe ar 8 bpríomhdhromlach a bhfuil na lipéid A go H orthu, seirbhísí níos minice, go háirithe seachbhuaice agus ag an deireadh seachtaine, chomh maith le clúdach níos fearr ar an gcathair lena n-áirítear naisc níos fithise




Is infheistíocht mhór é an líonra athdheartha i seirbhísí feabhsaithe bus, ag seachadadh suas go Nollaig 2024 méadú **71% ar chiliméadair seirbhíse sceidealaithe** i gCéimeanna 1-5b. Cuirtear é seo i gcomparáid le bealaí coibhéiseacha a bhí ag feidhmiú roimh Athdhearadh Líonra, méadú suntasach ar acmhainn agus ar mhinicíocht iomlán do chustaiméirí le níos mó seirbhísí tráthnóna agus deireadh seachtaine. Chomh maith leis seo, tá **9 mbealach nua 24 uair an chloig** seolta go dtí seo mar chuid den Athdhearadh Líonra. Rinne an plean líonra bus nua seo breithniú ar shaincheisteanna a ardaíodh i níos mó ná 72,000 aighneacht ag céimeanna éagsúla an chomhairliúcháin phoiblí. Mar chuid den athdhearadh líonra, tá 6 chéim as 11 chéim curtha i bhfeidhm go dtí seo, agus tá céimeanna breise le teacht sna míonna amach romhainn.

# Céimeanna Nua Líonra Bus curtha i bhfeidhm go dtí seo

| |
|---|
| Céim 1: Bealaí Dromlach H |
| Céim 2: Bealaí Dromlach C |
| Céim 3: Cuarbhealaí N bruachbhailte thuaidh |
| Céim 4: Bealaí Dromlach G |
| Céim 5a: Cuarbhealaí W bruachbhailte thiar |
| Céim 5b: Cuarbhealaí bruachbhailte an iarthair W agus S |
| Céim 6a: Cuarbhealaí N2 |
| Céim 6a: Dromlach E |





Scan an cód QR chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil ar gach Céim

# 2. Conairí Croí-Bus

Is éard atá i gceist leis an tionscadal Conairí Croí-Bus (CBC) forbairt ar bhonneagar tosaíochta bus leanúnach agus áiseanna feabhsaithe do choisithe agus do rothaithe ar phríomhchonairí gathacha ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath.

Cuimsíonn an tionscadal seachadadh thart ar **230km de lánaí tiomnaithe bus agus 200km de raonta rothar** i 12 scéim ar leith thar cúig limistéar údaráis áitiúil éagsúla, mar a léirítear san fhigiúr thíos:

## BusConnects Bhaile Átha Cliath
## Oibreacha Bonneagair Chonairí Croí-Bus




| Cluain Ghríffín go Lár na Cathrach | Sord go Lár na Cathrach | Baile Munna/ Fionnghlas go Lár na Cathrach |
|---|---|---|
| Fad Iomlán: 5.7km<br>Tosaíocht bus (an dá threo): 11.4km<br>Áiseanna Rothaithe (an dá threo): 11.9km | Fad Iomlán: 12.0km<br>Tosaíocht bus (an dá threo): 23.4km<br>Áiseanna Rothaithe (an dá threo): 21.6km | Fad Iomlán: 11.0km<br>Tosaíocht bus (an dá threo): 21.8km<br>Áiseanna Rothaithe (an dá threo): 20.2km |
| **Cluain Ghríffín go Baile Bhlainséir** | **Leamhcán go Lár na Cathrach** | **Gleann na Life go Lár na Cathrach** |
| Fad Iomlán: 10.9km<br>Tosaíocht bus (an dá threo): 21.2km<br>Áiseanna Rothaithe (an dá threo): 17.1km | Fad Iomlán: 9.7km<br>Tosaíocht bus (an dá threo): 17.8km<br>Áiseanna Rothaithe (an dá threo): 13.4km | Fad Iomlán: 9.2km<br>Tosaíocht bus (an dá threo): 18.4km<br>Áiseanna Rothaithe (an dá threo): 13.3km |
| **Tamhlacht / Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach** | **Camaigh go Lár na Cathrach** | **Teach Mealóg / Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach** |
| Fad Iomlán: 15.5km<br>Tosaíocht bus (an dá threo): 29.2km<br>Áiseanna Rothaithe (an dá threo): 35.8km | Fad Iomlán: 3.7km<br>Tosaíocht bus (an dá threo): 7.4km<br>Áiseanna Rothaithe (an dá threo): 4.0km | Fad Iomlán: 10.0km<br>Tosaíocht bus (an dá threo): 17.4km<br>Áiseanna Rothaithe (an dá threo): 23.3km |
| **Bré go Lár na Cathrach** | **Belfield / An Charraig Dhubh go Lár na Cathrach** | **An Rinn go Lár na Cathrach** |
| Fad Iomlán: 18.5km<br>Tosaíocht bus (an dá threo): 36.9km<br>Áiseanna Rothaithe (an dá threo): 33.8km | Fad Iomlán: 8.2km<br>Tosaíocht bus (an dá threo): 16.6km<br>Áiseanna Rothaithe (an dá threo): 16.6km | Fad Iomlán: 4.3km<br>Tosaíocht bus (an dá threo): 5.7km<br>Áiseanna Rothaithe (an dá threo): 8.6km |

## Buntáistí Chonairí Bus Lárnacha:

**Cáil agus acmhainneacht an chórais iompair phoiblí a neartú** trí luais, iontaofacht agus poncúlacht busanna a fheabhsú, rudaí a mbainfear amach trí leas a bhaint as lánaí bus agus bearta eile a sholáthar chun tús-áite do bhusanna in áit trácht ginearálta eile.

**Tacaíocht a thabhairt chun seirbhís iompair phoiblí atá éifeachtach ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide a sholáthar,** agus tacóidh sé sin cuspóirí na hÉireann maidir le laghdú astaíochtaí a bhaint amach.

**An inrochtaineacht ar phoist, ar oideachas agus deiseanna sóisialta agus eacnamaíocha eile a fheabhsú** tríd an soláthar de nascacht inbhuanaithe níos fearr agus comhtháthú le seirbhísí iompair phoiblí eile.

**Acmhainneacht rothaíochta a neartú trí bhonneagar sábháilte do rothaithe a sholáthar,** bonneagar atá scartha ó thrácht ginearálta nuair is féidir.

**Dlúthfhás a éascú, deiseanna athforáis agus úsáid níos éifeachtaí de thalamh i mBaile Átha Cliath,** le haghaidh na nglúnta atá ann agus na nglúnta atá le teacht, trí líonraí iompair inbhuanaithe éifeachtacha agus sábháilte a sholáthar.

**Caithfear a chinntiú go ndéantar machnamh ar an ríocht phoiblí** nuair a dheartar agus nuair a fhorbraítear an bonneagar iompair agus is gá pointí fócasacha uirbeacha a neartú nuair is iomchuí agus is féidir é a dhéanamh.

Faoi láthair, tá iarratais ar fhormheas na 12 Scéim CBC go léir, mar aon le hiarratais ar dheimhniú na n-orduithe ceannaigh éigeantaigh, curtha faoi bhráid An Bhoird Pleanála. Tá faomhadh scéime eisithe anois don chéad 11 Scéim atá liostaithe thíos, rud a léiríonn garsprioc shuntasach i gClár BusConnects Bhaile Átha Cliath.

# Scéimeanna Bhaile Átha Cliath ceadaithe go dtí seo

### Scéim Ghleann na Life go Lár na Cathrach

Réamhaisnéis na Buaicuaireanta AM ar chríochnú na Scéime

**58%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar bhus feadh na Scéime.

**45%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar rothar.

**53%** laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr.

### Scéim Chluain Ghrífín go Lár na Cathrach

Réamhaisnéis na Buaicuaireanta AM ar chríochnú na Scéime

**24%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar bhus feadh na Scéime.

**93%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar rothar.

**30%** laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr.

### Scéim Bhaile Munna/Fhionnghlas go Lár na Cathrach

Réamhaisnéis na Buaicuaireanta AM ar chríochnú na Scéime

**22%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar bhus feadh na Scéime.

**29%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar rothar.

**39%** laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr.

### Scéim Belfield/An Charraig Dhubh go Lár na Cathrach

Réamhaisnéis na Buaicuaireanta AM ar chríochnú na Scéime

**100%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar bhus feadh na Scéime.

**67%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar rothar.

**50%** laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr.

## Scéim Shord go Lár na Cathrach
Réamhaisnéis na Buaicuaireanta AM ar chríochnú na Scéime

**71%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar bhus feadh na Scéime.

**39%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar rothar.

**31%** laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr.

## Scéim An Rinn go Lár na Cathrach
Réamhaisnéis na Buaicuaireanta AM ar chríochnú na Scéime

**14%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar bhus feadh na Scéime.

**20%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar rothar.

**17%** laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr.

## Scéim Thamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach
Réamhaisnéis na Buaicuaireanta AM ar chríochnú na Scéime

**145%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar bhus feadh na Scéime.

**45%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar rothar.

**33%** laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr.

## Scéim Theampallóg/Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach
Réamhaisnéis na Buaicuaireanta AM ar chríochnú na Scéime

**123%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar bhus feadh na Scéime.

**79%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar rothar.

**30%** laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr.

## Scéim Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach
Réamhaisnéis na Buaicuaireanta AM ar chríochnú na Scéime

**76%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar bhus feadh na Scéime.

**53%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar rothar.

**14%** laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr.

## Scéim Leamhcáin go Lár na Cathrach
Réamhaisnéis na Buaicuaireanta AM ar chríochnú na Scéime

**24%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar bhus feadh na Scéime.

**56%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar rothar.

**4%** laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr.

## Scéim Bhré go Lár na Cathrach
Réamhaisnéis na Buaicuaireanta AM ar chríochnú na Scéime

**40%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar bhus feadh na Scéime.

**108%** méadú ar líon na ndaoine a thaistealaíonn ar rothar.

**49%** laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal i gcarr.

Tar éis faomhadh a fháil do na Scéimeanna tosaigh, is iad Scéimeanna Bhaile Munna/ Fionnghlas agus Gleann na Life go Lár na Cathrach an chéad dá scéim le tógáil, agus tá an chéim tógála le tosú i lár 2025.

Déanfar socruithe mionsonraithe cumarsáide a fhorbairt i rith na bliana seo chun a chinntiú go gcoimeádtar cónaitheoirí, grúpaí pobail, gnólachtaí agus ionadaithe poiblí go hiomlán ar an eolas agus go mbeidh rochtain acu ar phearsanra idirchaidrimh ábhartha le linn tógáil na scéimeanna.

# 3. Ticéadú den Chéad Ghlúin eile



Mar chuid de Chlár BusConnects, tabharfar isteach córas ticéadaithe nua a áireoidh na forbairtí is déanaí i dteicneolaíocht ticéadaithe cuntasbhunaithe, lena n-áirítear úsáid cártaí creidmheasa / dochair nó gutháin póca a cheadú mar mhodh áisiúil íocaíochta. Cuirfidh an córas ar chumas freisin níos mó roghanna ticéad, nach féidir a sholáthar sa chóras atá ann faoi láthair, agus beifear in ann athruithe táillí a thabhairt isteach níos tapúla. Tar éis próisis soláthair an-iomaíoch, i mí Aibreáin 2024 bhronn an ÚNI creatchonradh foriomlán chun córas ticéadaithe ilmhódúil nua a dhearadh, a sholáthar, a shuiteáil agus a oibriú ar chuideachta teicneolaíochta faisnéise Spáinneach - Indra Sistemas S.A. - a dhear, a shuiteáil agus a d'oibrigh córais chomhchosúla go hidirnáisiúnta.

Tá an tionscadal teicneolaíochta mór agus casta seo sa chéim anailíse agus dearaidh anois agus tógfaidh sé thart ar thrí bliana é a sheachadadh.

# 4. Struchtúr Táille Níos Simplí



Cuimsíonn struchtúr na dtáillí nua táille ghearr ar thurais chos aonair (thart ar 3km nó níos lú) agus táille 90 nóiméad a ligeann do chustaiméirí aistriú gan stró idir aon chomhcheangal de sheirbhísí Bus, DART/Iarnród Comaitéireachta agus Luas gan aon chostas breise laistigh de 90 nóiméad.
In 2024, d'úsáid paisinéirí bus an táille 90 nóiméad 29.8 milliún uair a d'aistrigh ó DART, Luas nó seirbhís bus eile laistigh de na 90 nóiméad roimhe sin.



# 5. Flít Nua Busanna





Mar chuid de BusConnects, tá an taobh amuigh agus an taobh istigh de bhusanna, ar a dtugtar an libhré bus, caighdeánaithe thar oibreoirí éagsúla i mBaile Átha Cliath chun cuma nua-aimseartha agus comhsheasmhach a thabhairt don chóras bus chun taithí na bpaisinéirí a fheabhsú. Mar chuid de BusConnects, tugadh isteach libhré nua TFI (Transport for Ireland) ina bhfuil péintéireacht ghlas, bhuí agus dhubh forleagtha le vinil bán, ag soláthar dearadh uatha caighdeánach a aontóidh an flít iomlán.

Breathnaíodh go cúramach ar riachtanais inrochtaineachta mar chuid den dearadh libhré nua, le héadan buí iomlán ar na mbusanna agus banda buí ar an doras isteach, an dá cheann deartha chun cabhrú le daoine lagamhairc. Cé go bhfuil an flít nuacheannaithe péinteáilte sa libhré nua ag an gcéim déantúsaíochta, tá roinnt blianta ag cur le rolladh amach an libhré nua don fhlít atá ann cheana féin, agus an t-athrú ar gach feithicil ag tarlú ag an gcéad dáta athphéinteála sceidealaithe eile – déantar na busanna a athphéinteáil thart ar gach ceithre bliana. Ar an mbealach seo, níl aon chostais bhreise athphéinteála á dtabhú mar chuid den aistriú libhré.

# 6. Stadanna & Scáthláin Bus Nua



Áiríonn Clár BusConnects Bhaile Átha Cliath tógáil stadanna bus agus scáthláin feabhsaithe ar fud Bhaile Átha Cliath chun ailíniú leis an líonra athdheartha agus leis na gConairí Croí-Bhus. Taispeántar stíl nua stadanna bus agus scáthláin TFI thíos.

Ar feadh na 12 Chonair Croí-Bhus, cuirfear stadanna bus feabhsaithe ar fáil, a mbeidh scáthláin bhus agus comharthaí faisnéise fíor-ama do phaisinéirí feistithe ar a bhformhór, mar chuid de thógáil na gconairí aonair. In éineacht leis na codanna eile den líonra bus nua, beidh 1,900 polla bus TFI suiteáilte in éineacht le rolladh amach an Athdhearadh Líonra céimnithe suas go dtí agus lena n-áirítear Céim 6a (Dromlach E).






# 7. Aistriú chuig flít bus lena mbaineann leibhéal astaíochtaí nialasach




Áirítear le BusConnects Bhaile Átha Cliath an t-aistriú chuig busanna uirbeacha a bhfuil astuithe nialasacha acu chun tacú le cathair níos glaine agus níos maireachtála trí thorann agus truailliú aeir a laghdú. Áiríonn an Tionscadal Aistrithe go Niaslach freisin leictriú iostaí bus atá ann cheana féin agus tógáil iostaí nua chun tacú le hoibriú an chabhlaigh lán-leictreachais.

Go dtí seo, tá 110 bus leictreach tugtha isteach sa tseirbhís ag an tionscadal, le toilleadh luchtaithe i bhfeidhm in iostaí Chnoc an tSamhraidh agus Baile Phib. San iomlán, chlúdaigh an flít busanna leictreacha beagnach 2 mhilliún ciliméadar in 2024. Mar thoradh air sin seachnaíodh thart ar 1,900 tona astuithe CO2, i gcomparáid le hastuithe busanna díosail a bhí ag taisteal an t-achar céanna. Is leor é seo chun 383 linn snámha Oilimpeach de mhéid CO2 a líonadh. Beidh ról suntasach ag laghdú astaíochtaí CO2 maidir le hiarrachtaí dícharbónaithe an iompair phoiblí a chur chun cinn, ag teacht le spriocanna an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

Tá sé beartaithe ag an ÚNI go mbeidh 85% de líonra bus uirbeach cheantar cathrach Bhaile Átha Cliath á oibriú ag busanna astaíochtaí ísle agus nialasach faoi 2032, agus ag busanna astaíochtaí nialasacha amháin faoi 2035.

**Aistriú chuig busanna uirbeacha a bhfuil astaíochtaí nialasacha iontu**




## Sonraí teagmhála

Busconnects.ie

oireachtasliaison@nationaltransport.ie

@BusConnects

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Lána Fhearchair,
Dun Sceine,
Baile Átha Cliath 2.
D02 WT20